RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1360 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme ceanglas níos comhréirí le haghaidh aerárthaí a úsáidtear san eitlíocht spóirt agus áineasa

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(1) agus Airteagal 62(14) agus (15) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais maidir le haeracmhainneacht leanúnach aerárthaí, lena n-áirítear na ceanglais maidir le comhpháirteanna a shuiteáil ar aerárthaí nó iontu.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún ([3]), tugadh isteach Iarscríbhinn nua Ib (Cuid 21 Éadrom) a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([4]) chun comhréireacht níos fearr a sholáthar le haghaidh aerárthaí a úsáidtear san eitlíocht spóirt agus áineasa.

(3) Tá sonraí agus faisnéis áirithe a úsáidtear do ghníomhaíochtaí aeracmhainneachta leanúnaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 le cur ar fáil ag an eintiteas atá freagrach as an dearadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012. Dá bhrí sin, is gá Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú chun tagairtí do shonraí agus d'fhaisnéis den sórt sin a bhunaítear i gcomhréir leis an Iarscríbhinn nua Ib a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a chur san áireamh freisin.

(4) Tagraítear go sonrach i Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 do na heintitis atá freagrach as an dearadh a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012. Leis an Iarscríbhinn nua Ib a ghabhann leis an Rialachán sin, tugtar isteach catagóir nua eintitis a d'fhéadfadh a bheith freagrach as an dearadh agus ba cheart a léiriú freisin i Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 a leasú.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 maidir le haeracmhainneacht leanúnach na n-aerárthach agus táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, agus maidir le formheas na n-eagraíochtaí agus an phearsanra a bhfuil baint acu leis na cúraimí sin (IO L 362, 17.12.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1358 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le ceanglais níos comhréirí a chur chun feidhme maidir le haerárthaí a úsáidtear don eitlíocht a dhéantar mar spórt agus mar chaitheamh aimsire (IO L 205, 5.8.2022, lch. 7).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí, do pháirteanna agus d'fhearais ghaolmhara, agus le haghaidh dheimhniúchán na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le Tuairim Uimh. 05/2021 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ([5]) i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointe (b), agus Airteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid-66) i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(4) leasaítear Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 25 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Tuairim Uimh. 05/2021 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh an 22 Deireadh Fómhair 2021, Cuid 21 Éadrom — Deimhniúchán agus dearbhú comhlíontachta maidir le dearadh aerárthaí a úsáidtear i réimse na heitlíochta spóirt agus áineasa agus táirgí agus páirteanna gaolmhara, agus dearbhú maidir le cumas deartha agus táirgthe eagraíochtaí, https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions/opinion-052021

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) leasaítear pointe M.A.302 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Léireoidh an AMP go gcomhlíontar na nithe seo a leanas:

(1) na treoracha a d'eisigh an t-údarás inniúil;

(2) na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach:

(i) a eiseoidh sealbhóirí an deimhnithe cineáil, an deimhnithe srianta ar chineál, an deimhnithe cineáil fhorlíontaigh, an mhórcheadaithe dearaidh deisiúcháin, údarú ETSO nó dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha nó sealbhóir aon fhormheasa ábhartha eile a eisítear faoi Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(ii) a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21.A.90B nó i bpointe 21.A.431B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, más infheidhme;

(iii) a áirítear sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21L.A.62, 21L.A.102, 21L.A.202 nó 21L.A.222 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, más infheidhme;";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

"(h) Beidh an AMP faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla agus leasófar é dá réir nuair is gá. Áiritheofar leis na hathbhreithnithe sin go leanfaidh AMP de bheith cothrom le dáta agus bailí i bhfianaise na taithí oibriúcháin agus na dtreoracha ón údarás inniúil, agus treoracha cothabhála nua nó modhnaithe á gcur san áireamh arna n-eisiúint ag an deimhniú cineáil agus ag sealbhóirí deimhnithe cineáil forlíontacha, dearbhóir dheimhniú comhlíonta an dearaidh agus aon eagraíocht eile a fhoilsíonn na sonraí sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe M.A.304:

"M.A.304 Sonraí a bhaineann le modhnuithe agus deisiúcháin

Déanfaidh duine nó eagraíocht a bheidh ag deisiú aerárthaigh nó comhpháirte measúnú ar aon damáiste. Déanfar modhnuithe agus deisiúcháin agus úsáid á baint, de réir mar is iomchuí, as na sonraí seo a leanas:

(a) arna bhformheas ag an nGníomhaireacht;

(b) arna bhformheas ag eagraíocht deartha a chomhlíonann Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(c) atá sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21.A.90B nó 21.A.431B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(d) atá sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21L.A.62, 21L.A.102, 21L.A.202 nó 21L.A.222 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(e) arna dearbhú ag dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha a chomhlíonann Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e)3 i bpointe M.A.305:

"3. sonraí a bhaineann go sonrach le comhpháirteanna áirithe:

(i) taifead ar stair inseirbhíse maidir le gach cuid a bhfuil teorainn leis an saolré ar a mbunaítear an stádas reatha lena gcinntear comhlíonadh na dteorainneacha aeracmhainneachta;

(ii) an CRS agus na taifid chothabhála mhionsonraithe maidir leis an gcur i gcrích deireanach a rinneadh ar aon chothabháil sceidealta agus aon chothabháil neamhsceidealta ina dhiaidh sin ar na codanna a bhfuil teorainn saolré leo agus na comhpháirteanna a bhfuil teorainn ama leo ar fad go dtí go mbeidh cothabháil sceidealta eile ag a bhfuil raon feidhme agus sonraí atá coibhéiseach curtha in ionad na cothabhála sceidealta ach go gcumhdófar tréimhse nach giorra ná 36 mhí;

(iii) an deimhniú scaoilte iarchothabhála agus ráiteas glactha an úinéara i leith aon chomhpháirt arna fheistiú ar aerárthach ELA2 (Aerárthach Éadroim Eorpach 2) gan Foirm 1 EASA i gcomhréir le pointe 21.A.307(b)(2) d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ach lena gcumhdaítear tréimhse nach lú ná 36 mhí;

(iv) an deimhniú scaoilte iarchothabhála agus ráiteas glactha an úinéara i leith aon chomhpháirt arna fheistiú ar aerárthach gan Foirm 1 EASA i gcomhréir le pointe 21L.A.193(b)(2) d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ach lena gcumhdaítear tréimhse nach lú ná 36 mhí.";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i bpointe M.A.401:

"(b) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is ionann sonraí cothabhála is infheidhme agus aon cheann de na nithe seo a leanas:

(1) aon cheanglas, nós imeachta, caighdeán nó faisnéis is infheidhme atá eisithe ag an údarás inniúil nó ag an nGníomhaireacht;

(2) aon treoir maidir le haeracmhainneacht is infheidhme;

(3) na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach is infheidhme agus treoracha cothabhála eile, arna n-eisiúint ag sealbhóir an deimhnithe cineáil, sealbhóir deimhnithe cineáil fhorlíontaigh, dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha agus aon eagraíocht eile a fhoilsíonn na sonraí sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(4) maidir le comhpháirteanna atá formheasta lena suiteáil ag sealbhóir formheasa an deartha nó dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha, na treoracha cothabhála is infheidhme arna bhfoilsiú ag monaróirí na comhpháirte agus atá inghlactha ag sealbhóir formheasa an deartha nó ag dearbhóir deimhniú comhlíonta an deartha;

(5) aon sonraí is infheidhme a eisítear i gcomhréir le pointe 145.A.45(d).";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1) i bpointe M.A.501:

"(1) Comhpháirteanna ar sásúil an bhail atá orthu, arna scaoileadh de réir Fhoirm 1 EASA nó foirm choibhéiseach agus arna marcáil i gcomhréir le Fochuid Q d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, mura sonraítear a mhalairt i bpointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, nó san Iarscríbhinn seo (Cuid-M), nó in Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO).";

(6) leasaítear pointe M.A.502 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Maidir le comhpháirteanna nach iad na comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointí (b)(2) go (b)(6) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, i bpointí (b)(2) go (b)(6) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, is eagraíochtaí cothabhála, arna gceadú i gcomhréir le Fochuid F den Iarscríbhinn seo nó le hIarscríbhinn II (Cuid-145) nó le hIarscríbhinn Vd (Cuid-CAO), de réir mar is infheidhme, a dhéanfaidh na comhpháirteanna sin a chothabháil.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Maidir le comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointe (b)(2) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointe (b)(2) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, i gcás ina ndéantar an chomhpháirt a fheistiú ar an aerárthach nó ina ndéantar an chomhpháirt a bhaint go sealadach chun rochtain a fheabhsú, is eagraíocht chothabhála aerárthaí, arna ceadú i gcomhréir le Fochuid F den Iarscríbhinn seo nó le hIarscríbhinn II (Cuid-145) nó le hIarscríbhinn Vd (Cuid-CAO), de réir mar is infheidhme, an pearsanra deimhnithe dá dtagraítear i bpointe (b)(1) de phointe M.A.801 nó an píolóta-úinéir dá dtagraítear i bpointe (b)(2) de phointe M.A.801, a dhéanfaidh na comhpháirteanna sin a chothabháil. Maidir le cothabháil comhpháirteanna a dhéanfar i gcomhréir leis an bpointe seo, ní bheidh sí incháilithe chun Foirm 1 EASA a eisiúint agus beidh sí faoi réir na gceanglas maidir le scaoileadh aerárthaí dá bhforáiltear i bpointe M.A.801.";

(iii) cuirtear pointe (e) isteach:

"(e) Maidir le cothabháil na gcomhpháirteanna dá dtagraítear i bpointí (b)(3) go (b)(6) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointí (b)(3) go (b)(6) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, déanfaidh an eagraíocht dá dtagraítear i bpointe (a) an chothabháil sin, nó déanfaidh aon duine nó eagraíocht í agus scaoilfear amach í agus 'dearbhú ar chothabháil atá déanta' ag gabháil léi, arna eisiúint ag an duine nó ag an eagraíocht a rinne an chothabháil. Sa 'dearbhú ar chothabháil atá déanta' beidh, ar a laghad, mionsonraí bunúsacha maidir leis an gcothabháil a rinneadh, an dáta a cuireadh an chothabháil i gcrích, agus sainaitheantas na heagraíochta nó an duine a eisíonn é. Measfar gur taifead cothabhála é agus beidh sé coibhéiseach le Foirm 1 EASA i leith na comhpháirte a ndearnadh cothabháil uirthi.";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (k)11 i bpointe M.A.901:

"11. más gá, tá deimhniú torainn ag an aerárthach a fhreagraíonn do chumraíocht reatha an aerárthaigh i gcomhréir le Fochuid I d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le Roinn A, Fochuid I, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(8) leasaítear pointe M.A.903 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"M.A.903 Clárú aerárthaí a aistriú laistigh den Aontas";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Agus clárú aerárthaí á aistriú laistigh den Aontas, déanfaidh an t-iarratasóir an méid seo a leanas:

(1) an Ballstát inar cláraíodh an t-aerárthach roimhe sin a chur ar an eolas faoin mBallstát ina gclárófar an t-aerárthach, ansin;

(2) iarratas a dhéanamh chuig an mBallstát nua ar dheimhniú aeracmhainneachta nua a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(9) leasaítear pointe M.A.904 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

"M.A.904 Athbhreithniú aeracmhainneachta ar aerárthaí a allmhairítear isteach san Aontas";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)1:

"1. iarratas a chur isteach chuig údarás inniúil Bhallstát an chláraithe chun deimhniú aeracmhainneachta nua a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;";

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Eiseoidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhniú aeracmhainneachta nuair atá sé sásta go gcomhlíonann an t-aerárthach ceanglais Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, ceanglais Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(10) leasaítear Foscríbhinn I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 3 agus 4 de phointe 5.1:

"3. formheas aon mhodhnaithe ar an aerárthach a eagrú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula gcorpraítear é.

I gcás aerárthaigh atá faoi réir dearbhú comhlíonta an deartha, an dearbhú comhlíonta a eagrú i gcás aon mhodhnaithe i gcomhréir le Roinn A, Fochuid F, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula gcorpraítear é;

4. ceadú aon deisiúcháin ar an aerárthach a eagrú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula ndéanfar é.

   I gcás aerárthaigh atá faoi réir dearbhú comhlíonta an deartha, an dearbhú comhlíonta a eagrú i gcomhair aon deisiúcháin i gcomhréir le Roinn A, Fochuid N, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula ndéanfar é."

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II (Cuid-145) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) leasaítear pointe 145.A.42 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(i):

"(i) Comhpháirteanna ar sásúil an bhail atá orthu, arna scaoileadh de réir Fhoirm 1 EASA nó foirm choibhéiseach agus arna marcáil i gcomhréir le Fochuid Q d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le Roinn A, Fochuid Q, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, mura sonraítear a mhalairt i bpointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, i bpointe M.A.502 d'Iarscríbhinn I (Cuid-M), i bpointe ML.A.502 d'Iarscríbhinn III (Cuid-ML), nó san Iarscríbhinn seo (Cuid-145).";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(iv):

"(iv) Comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointe (b)(2) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointe (b)(2) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, déanfar iad a shuiteáil i gcás ina meastar iad a bheith incháilithe lena suiteáil ag úinéir an aerárthaigh ar a aerárthach féin agus sa chás sin amháin.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) de phointe 145.A.60:

"(b) Tabharfaidh an eagraíocht tuairisc don údarás inniúil agus don eagraíocht atá freagrach as dearadh an aerárthaigh nó na comhpháirte an méid seo a leanas:

(i) aon teagmhas nó coinníoll a bhaineann le sábháilteacht aerárthaigh nó comhpháirte arna sainaithint ag an eagraíocht a chuireann aerárthach, na daoine atá ar bord nó aon duine eile i mbaol nó a chuirfeadh i mbaol iad mura gceartófaí é nó mura dtabharfaí aghaidh air; agus

(ii) aon tionóisc nó teagmhas tromchúiseach go háirithe."

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn III (Cuid 66) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h)(ii)(3) i bpointe 66.A.45:

"(3) mura bhfuil fianaise curtha ar fáil ag an iarratasóir de thaithí 1 bhliana amháin i gcomhréir leis an maolú atá i bpointe 66.A.30(a)(2b)(ii), formhuineofar an teorainn seo a leanas ar an gceadúnas:

'cúraimí cothabhála casta dá bhforáiltear i bhFoscríbhinn VII a ghabhann le hIarscríbhinn I (Cuid-M), na hathruithe caighdeánacha dá bhforáiltear i bpointe 21.A.90B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus pointí 21L.A.62 agus 21L.A.102 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Éadrom) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 agus deisiúcháin chaighdeánacha dá bhforáiltear i bpointe 21.A.431B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) agus i bpointe 21L.A.202 nó i bpointe 21L.A.222 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.'

Maidir le sealbhóir ceadúnais cothabhála aerárthaigh i bhfochatagóir B1.2 agus a bhfuil rátáil Ghrúpa 3 formhuinithe aige, nó i gcatagóir B3 a bhfuil na rátáil 'eitleáin innill loine nach bhfuil brúchóirithe a bhfuil MTOM 2 000kg agus iad atá níos lú' aige, meastar go gcomhlíonann sé na ceanglais le haghaidh eisiúint ceadúnais sna fochatagóirí L1 agus L2 a bhfuil na rátálacha iomlána comhfhreagracha acu agus a bhfuil na teorainneacha céanna acu agus atá ag an gceadúnas B1.2/B3.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i bpointe 66.B.130:

"(b) I gcás oiliúna cineáil le haghaidh aerlonga i nGrúpa 1, déanfaidh an t-údarás inniúil na cúrsaí a fhormheas go díreach i ngach cás. Beidh nós imeachta ag an údarás inniúil chun a áirithiú go gcumhdóidh siollabas na hoiliúna cineál-aerloinge na heilimintí go léir atá sna sonraí cothabhála ó shealbhóir ceadaithe an deartha nó ó dhearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha."

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinn Vb (Cuid-ML) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) i bpointe ML.A.302:

"(c) Déanfaidh an AMP an méid seo a leanas:

(1) sonróidh sé go soiléir úinéir an aerárthaigh agus an t-aerárthach lena mbaineann sé, lena n-áirítear aon inneall agus lián suiteáilte, de réir mar is infheidhme;

(2) áireofar ann, de rogha air sin, an méid seo a leanas:

(a) na cúraimí nó na cigireachtaí atá sa chlár íosta cigireachta is infheidhme dá dtagraítear i bpointe (d);

(b) na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach arna n-eisiúint ag sealbhóir formheasa an deartha;

(c) na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach arna n-eisiúint ag dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ML.A.304:

"ML.A.304 Sonraí a bhaineann le modhnuithe agus deisiúcháin

Déanfaidh duine nó eagraíocht a bheidh ag deisiú aerárthaigh nó comhpháirte measúnú ar aon damáiste. Déanfar modhnuithe agus deisiúcháin agus úsáid á baint as na sonraí is infheidhme, is é sin, de réir mar is iomchuí:

(a) arna bhformheasta ag an nGníomhaireacht;

(b) arna bhformheasta ag eagraíocht deartha a chomhlíonann Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(c) atá sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21.A.90B nó i bpointe 21.A.431B d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(d) atá sna sonraíochtaí deimhniúcháin dá dtagraítear i bpointe 21L.A.62, 21L.A.102, 21L.A.202 nó 21L.A.222 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

(e) arna dearbhú ag dearbhóir a chomhlíonann Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i bpointe ML.A.401:

"(b) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'sonraí cothabhála is infheidhme' agus aon cheann de na nithe seo a leanas:

1. aon cheanglas, nós imeachta, caighdeán nó faisnéis is infheidhme atá eisithe ag an údarás inniúil nó ag an nGníomhaireacht;

2. aon treoir maidir le haeracmhainneacht is infheidhme;

3. na treoracha maidir le haeracmhainneacht leanúnach is infheidhme agus treoracha cothabhála eile, arna n-eisiúint ag sealbhóir an deimhnithe cineáil, sealbhóir deimhnithe cineáil fhorlíontaigh, dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha agus aon eagraíocht eile a fhoilsíonn na sonraí sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;

4. maidir le comhpháirteanna atá formheasta lena suiteáil ag sealbhóir formheasa an deartha nó dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha, na treoracha cothabhála is infheidhme arna bhfoilsiú ag monaróirí na comhpháirte agus atá inghlactha ag sealbhóir formheasa an deartha nó ag dearbhóir dheimhniú comhlíonta an deartha;

5. aon sonraí is infheidhme a eisítear i gcomhréir le pointe 145.A.45(d).";

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) i bpointe ML.A.501:

"(a) Mura sonraítear a mhalairt i bhFochuid F d'Iarscríbhinn I (Cuid-M), in Iarscríbhinn II (Cuid-145), in Iarscríbhinn Vd (Cuid-CAO) a ghabhann leis an Rialachán seo nó i bpointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, ní fhéadfar comhpháirt a fheistiú ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) is sásúil an bhail atá uirthi;

(ii) scaoileadh le haghaidh seirbhíse í go hiomchuí trí bhíthin Fhoirm 1 EASA mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn II d'Iarscríbhinn I (Cuid-M), nó foirm choibhéiseach;

(iii) rinneadh í a mharcáil i gcomhréir le Fochuid Q d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó le Roinn, Fochuid Q, a d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(5) leasaítear pointe ML.A.502 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Maidir le comhpháirteanna a nglacann an t-úinéir leo i gcomhréir le pointe (b)(2) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó le pointe (b)(2) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, déanfar aon duine nó eagraíocht iad a chothabháil, faoi réir athghlacadh an úinéara faoi choinníollacha phointe (b)(2) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó pointe (b)(2) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light). Níl an chothabháil sin incháilithe chun Foirm 1 EASA a eisiúint, mar a leagtar amach i bhFoscríbhinn II d'Iarscríbhinn I (Cuid-M), agus beidh sí faoi réir na gceanglas maidir le scaoileadh aerárthaí.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) Féadfaidh aon duine nó eagraíocht comhpháirteanna dá dtagraítear i bpointí (b)(3) go (b)(6) de phointe 21.A.307 d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó i bpointí (b)(3) go (b)(6) de phointe 21L.A.193 d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a chothabháil. I gcás den sórt sin, de mhaolú ar phointe (b), scaoilfear amach cothabháil na gcomhpháirteanna sin le 'dearbhú ar chothabháil atá déanta' arna eisiúint ag an duine nó ag an eagraíocht a rinne an chothabháil. Sa 'dearbhú ar chothabháil atá déanta' beidh, ar a laghad, mionsonraí bunúsacha maidir leis an gcothabháil a rinneadh, an dáta a cuireadh an chothabháil i gcrích, agus sainaitheantas na heagraíochta nó an duine a eisíonn é. Measfar gur taifead cothabhála é agus beidh sé coibhéiseach le Foirm 1 EASA i leith na comhpháirte a ndearnadh cothabháil uirthi.";

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b)(5) i bpointe ML.A.902:

"(5) níl modhnú nó deisiú an aerárthaigh nó aon chomhpháirt atá feistithe ar an aerárthach i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(7) leasaítear pointe ML.A.903 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(6):

"(6) cláraíodh na modhnuithe agus na deisiúcháin go léir a rinneadh ar an aerárthach agus comhlíonann siad Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(11):

"(11) más gá, tá deimhniú torainn ag an aerárthach a fhreagraíonn do chumraíocht reatha an aerárthaigh i gcomhréir le Fochuid I d'Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le Roinn A, Fochuid I, d'Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(2) i bpointe ML.A.905:

"(2) agus iarratas a dhéanamh ina dhiaidh sin chuig an mBallstát nua ar dheimhniú aeracmhainneachta nua a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(9) leasaítear pointe ML.A.906 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1):

"(1) iarratas a chur isteach chuig údarás inniúil Bhallstát an chláraithe chun deimhniú aeracmhainneachta nua a eisiúint i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012;";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Eiseoidh údarás inniúil Bhallstát an chláraithe deimhniú aeracmhainneachta nua má chomhlíonann an t-aerárthach Iarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.";

(10) leasaítear Foscríbhinn I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (e)(1)(iii) agus (iv):

"(iii) formheas aon mhodhnaithe ar an aerárthach a eagrú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) sula gcorprófar an modhnú sin;

I gcás aerárthaigh atá faoi réir dearbhú comhlíonta an deartha, an dearbhú comhlíonta a eagrú i gcás aon mhodhnaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula gcorprófar é;

(iv) ceadú aon deisiúcháin ar an aerárthach a eagrú i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 (Cuid 21) sula ndéanfar an deisiúchán sin.

I gcás aerárthaigh atá faoi réir dearbhú comhlíonta an deartha, an dearbhú comhlíonta a eagrú i gcomhair aon deisiúcháin i gcomhréir le hIarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 sula ndéanfar é."

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinn Vc (Cuid-CAMO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) i bpointe CAMO.A.160:

"(b) Gan dochar do phointe (a), áiritheoidh an eagraíocht maidir le haon teagmhas, mífheidhm, fabht teicniúil, a sháraíonn teorainneacha teicniúla, aon tarlú a léireodh faisnéis atá míchruinn, neamhiomlán nó débhríoch atá i sonraí a bunaíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) nó, de réir mar is infheidhme, Iarscríbhinn Ib (Cuid 21 Light) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 nó aon imthoisc neamhrialta eile a chuir oibríocht shábháilte an aerárthaigh i mbaol nó a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tionóisc nó teagmhas tromchúiseach, go ndéanfar iad a thuairisciú don údarás inniúil agus don eagraíocht atá freagrach as dearadh an aerárthaigh."